

Aitheasc chuig Comhchoiste Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

Téama: Ag spreagadh fhoilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge

Aitheasc arna chur isteach thar cheann Bhainistíocht An Siopa Leabhar ag Gráinne Ní Mhuilneoir.

Focail thosaigh:

A Chathaoirleach agus a Bhail den Choiste seo, a Dhaoine Uaisle,

Go raibh maith agaibh as cuireadh a thabhairt do An Siopa Leabhar labhairt os comhair an Chomhchoiste seo. Is mise Gráinne Ní Mhuilneoir, Bainisteoir An Siopa Leabhar ar Shráid Fhearchair. Is siopa é a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus a fhreastalaíonn ar chustaiméirí ar an oileán seo agus go hidirnáisiúnta. Tá mé anseo inniu le labhairt thar cheann An Siopa Leabhar mar gheall ar fhoilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge.

Den chuid is mó aontaímid lena bhfuil ráite ag cuairteoirí eile os comhair an Chomhchoiste seo. Déanfaidh mé treisiú ar chuid díobh sin, agus ardóidh mé pointí eile.

Labhróidh mé beagán faoin siopa áirithe seo, An Siopa Leabhar. Labhróidh mé faoi phointí dearfacha faoin earnáil, agus faoi chuid de na constaicí a bhaineann leis. Luaifidh mé moltaí faoi leith atá againne agus bearnaí atá aitheanta againn sa mhargadh ó bheith ag caint le custaiméirí agus le léitheoirí, le teaghlaigh, le foghlaimeoirí agus le léitheoirí dílse leabhair Ghaeilge.

Osclaíodh doras An Siopa Leabhar in 1975, bíodh is go raibh siopa de shaghas éigin ag Conradh na Gaeilge cheana nuair a bhí sé lonnaithe ar Shráid Uí

Chonaill. Siopa leabhar é nach bhfaigheann maoiniú stáit, agus de réir mar a thuigim an scéal tháinig deireadh le maoiniú a bhíodh ar fáil le hÍoc as tuarastal Bhainisteoir an tSiopa sular gearradh sin siar tráth ainmnithe na 6 ceanneagraíochtaí. Is ann don siopa fós a bhúil le Conradh na Gaeilge a sheasann an fód ar a shon agus a chuireann ionad ar fáil. Murach Conradh na Gaeilge, ní bheadh siopa ann.

Is ainm trádála é An Siopa Leabhar de chuid an chuideachta Clódhanna Teoranta – cuideachta de chuid Chonradh na Gaeilge a bunaíodh in 1908 le plé le cúrsaí leabhar an Chonartha. Ceapadh mise sa ról seo in 2018 agus tá neart forbairtí curtha i gcrích ó shin le hacmhainní teoranta. Tá an fhoireann méadaithe, tá réimse agus líon an stoic ardaithe, tá teacht isteach (agus caiteachas) ardaithe agus thar aon rud eile tá leagan amach an tsiopa leasaithe.

Tá margadh ann do leabhair Ghaeilge agus is ann do rogha maith leabhar Gaeilge. Tuigeann muidne sin, tuigeann na foilsitheoirí é, agus tuigeann na scríbhneoirí. Cé nach dtuigeann mar sin? Ní fios don phobal ginearálta gurb ann do leabhair Ghaeilge, gurb ann do leabhair mhaithe ildaite Ghaeilge déanta ar ardchaighdeán.

An gníomh is mó a d'fhéadfadh an duine aonair nó an grúpa pobail a dhéanamh ar son litríocht na Gaeilge ná labhairt fúithi, go coinsiasach, le duine nach bhfuil ar an eolas fúithi.

Dáileachán – ní an fhadhb a shíltear a bheith ann atá ann

Ní miste liom tagart a dhéanamh do chúrsaí dáileacháin, ó tá rudaí ráite os comhair an Chomhchoiste seo nach n-aontódh muidne leo mar gheall ar an taobh sin den ghnó. Is éasca gan a bheith sásta faoin rud nach bhfuil baint agat féin leis.

Ba mhaith linn an Áisíneacht Dáileachán Leabhar, nó ÁIS mar is fearr aithne againn air, a mholadh. Tá siad i ndiaidh forbairtí móra a chur i bhfeidhm le cúpla bliain anuas, in ainneoin foireann nach bhfuil mór go leor, acmhainní nach bhfuil fíúntach a ndóthain, agus ainneoin iad a bheith brúite amach go Dún Seachlainn ar an taobh eile den M50. Fágann nach féidir leo rudaí a fháil chomh fada le siopaí

na hardchathrach chomh tapa céanna agus is féidir le cuid de na dáileoirí i Sasana, fiú amháin.

Ach tá pointe eile le hardú againn mar gheall ar an dáileachán. Mar shiopa, ní féidir linn leabhar a ordú ó na dáileoirí mura bhfuil a fhios againn gurb ann dó. Sin bun agus barr an scéil dúinne mar shiopa. Tá, le blianta beaga anuas, brú curtha againn ar sholáthraithe scéala a chur chugainn nuair a bhíonn leabhair ar fáil. Ach tá dualgas ar fhoilsitheoirí agus go pointe ar scríbhneoirí le rá linn go bhfuil leabhair ag teacht, agus ansin nuair a bhíonn siad ar fáil conas is féidir linn iad a ordú.

Tá am ag teastáil chuige sin freisin - glacann ar a laghad cúpla lá le leabhar a fháil ón bhfoilsitheoir chuig an dáileoir chuig an tiománaí nó tríd an gcóras poist le hé a fháil chomh fada leis an siopa, curtha leis an gcóras inmheánach agus amach ar sheilf. Is trua liom i gcónaí nuair a scaiptear scéal go bhfuil leabhar ‘foilsithe’ agus gan é fiú ag an dáileoir fós; agus ansin díomá mór ar an údar nach bhfuil sé sna siopaí. Minic go leor a chloiseann an léitheoir faoi leabhar nua sula mbíonn scéal ar bith faighte againn, sa siopa, mar gheall ar an saothar céanna. Agus ní hé go bhfuil muid suite ar Shráid Fhearchair ag fanacht ar gach eolas; téimid sa tóir ar an eolas céanna, agus fós tá leabhair nach gcloisimid fúthu go ceann seachtainí nó míonna i ndiaidh a bhfoilsithe cheal teagmhála.

Anois, caithfear cuimhneamh gur siopa Gaeilge muid atá ag iarraidh leabhair Ghaeilge a dhíol, a thuigeann gurb ann d’fhoilsitheoirí difriúla agus go bhfuil aithne againn ar a chéile. Is scéal iomlán eile é scéal na siopaí eile a fheidhmíonn trí Bhéarla agus is orthusan is gá díriú le cumarsáid oscailte agus nasc a chothú. Aontaímid go mór le moltaí Shadhbh Devlin ar an ábhar sin, ach ag deireadh an lae caithfear caidreamh a chothú le siopaí Béarla, fiú más ceann ar cheann é sin.

Seirbhís Ghaeilge agus siopaí eile

Cuireann An Siopa Leabhar seirbhís Ghaeilge ar fáil. Aon rud a dhéanann muid, déanann muid i nGaeilge é. Tugann muid an rogha do dhaoine an Ghaeilge a labhairt linn. Bíonn deis ag daoine cuairt a thabhairt ar an siopa agus comhrá

Gaeilge a dhéanamh linn. Tugaimid cead do chainteoirí drogallacha í a labhairt linn, cuirimid fáilte roimh bhotúin le gur féidir leo cleachtadh cainte a dhéanamh. Cuireann an méid sin ar fad leis an eispéaras custaiméara agus leagaimid an-bhéim air sin.

Tá fadhb eile feicthe agamsa i siopaí eile na tíre seo agus taighde margaidh ar bun agam; is ea, taighde margaidh le feiscint cad atá ar bun ag dreamanna eile agus cad *nach* bhfuiltear ag déanamh. Tá neart, neart mór a d'fhéadfadh siopaí eile na tíre a fhoghlaim ó An Siopa Leabhar mar gheall ar sholáthar leabhar Gaeilge.

Moltar go dtagann daoine ar cuairt ar An Siopa Leabhar, féachaint ar an oiread leabhair Ghaeilge atá amuigh ar an margadh.

Moltar chomh maith go bhfeicfidh siopaí go ginearálta mar bhuntáiste é má tá Gaeilge ag daoine ar an bhfoireann agus go dtacóidh siad le húsáid na teanga san ionad oibre. Ní gá go mbeadh céim ollscoile bainte amach ag duine chun an Ghaeilge a úsáid, a cleachtadh iad féin, agus le hiarracht más beag féin é taispeáint go bhfuil fáilte roimpi.

Iontas na nIontas

- Níl a fhios fós ag cuid mhór daoine go bhfuil teacht ar leabhair i nGaeilge – leabhair mhaithe, oiriúnacha. Tá an-chuid leabhar Gaeilge againn in An Siopa Leabhar, agus bíonn ionadh mór ar dhaoine nuair a thagann siad isteach an doras. Cén fáth go mbeadh ionadh ar dhaoine gurb ann do leabhair Ghaeilge? Gurb ann don oiread sin, go bhfuil leabhair lán-daite nua-aimseartha ann? Cad a deir sin linn faoi mheon dhaoine nach mbíonn ag plé le leabhair Ghaeilge go rialta?
- Go deimhin, bíonn ionadh ar dhaoine áirithe faoin réimse agus díomá ar dhaoine eile faoin easpa. Tá ganntanas leabhair Ghaeilge sna seánraí ar fad, ós teanga mhionlaithe atá ann agus ó tá foilsitheoirí beaga ag treabhadh ar aghaidh sa ghort ar bheagán acmhainní. Ach tá scoth na hoibre curtha

isteach freisin, agus aithnímidne An Siopa Leabhar an feabhas atá tagtha ar chaighdeán táirgeachta leabhar Gaeilge trí chéile.

Moladh: gníomh beag an duine aonair ná a rá, le daoine ar d'aithne, gurb ann do leabhair mhaithe Ghaeilge. Iad a thabhairt mar bhronntanas, gan dabht, ach daoine a chur i dtreo siopaí a mbíonn seirbhís mhaith acu mar gheall ar leabhair i nGaeilge.

Creidim go láidir go bhfuil i bhfad níos mó daoine sa tír seo a cheannódh nó a léadh leabhair Ghaeilge ach fios a bheith acu gurb ann dóibh.

Bearnaí sa mhargadh

Ba mhian liom tagairt, más go gonta féin é, do chuid de na bearnaí atá aitheanta againn sa mhargadh; is é sin, rudaí a dtagann daoine chugainn á lorg go rialta. Níl mé ag caint faoi dhuine amháin ag éileamh an rud céanna arís is arís ná níl mé ag tagairt do rud atá luaite ag duine amháin uair amháin. Seo cúpla rud a dtagann daoine chugainn á lorg, agus nach mbíonn againn dóibh. (Fainic, freisin - mura bhfuil againn, an siopa leabhar Gaeilge is mó san ardchathair agus cáil orainn, seans beag go mbeidh a thuilleadh eolais ag siopaí eile gan Ghaeilge.)

Léitheoirí céimnithe

Tá ganntanas léitheoirí céimnithe, is é sin leabhair i sraith a éiríonn níos deacra de réir mar a théitear ar aghaidh. Níl córas leabhar sa Ghaeilge a dhíríonn ar fhoghlaimoirí atá ag iarraidh sraith leabhar a léamh a éiríonn níos deacra leabhar ar leabhar. Tá feicthe againn go bhfuil margadh ann dó sin, agus daoine ag cur ceist orainn go minic faoina leithéid. Caithfidh muid na leabhair do pháistí a mholadh dóibh; rud nach bhfuil sásúil do léitheoirí fásta.

Molaimid go dtacófar le forbairt sraith 10 go 20 leabhar ar scéalta gearra iad dírithe ar fhoghlaimoirí agus curtha le chéile le leibhéal dheacrachta TEG. Tá plé tosaithe air seo cheana faoi thogra Léitheoirí, á riar ag Comhar Teoranta, agus **moltar** go dtacaítear le gníomh ar an ábhar seo.

Soláthar ilteangach

Leabhráin i dteangacha eile le ligint do dhaoine le teangacha eile an Ghaeilge a fhoghlaim.

Cé gur maith an soláthar anois a dhéantar maidir le ranganna agus ábhar foghlama do thosaitheoirí (is é sin, daoine nach bhfaca an Ghaeilge roimhe seo) feictear dúinne gurbh fhiú leabhráin bheaga a dhéanamh i dteangacha éagsúla le foghlaim na Gaeilge a éascú gan an Béarla a úsáid mar dhroichead.

Moltar tacú le forbairt leabhráin eolas i dteangacha eile faoin nGaeilge.

Moltar go gcuirfead san áireamh i dtograí foclóireachta Fhoras na Gaeilge foclóirí le teangacha eile a fhorbairt, tógáil ar an bhfoclóir Gaeilge-Fraincise a d’fheisigh an Gúm san aois seo caite.

Leabhair do dhaoine le deacrachtaí foghlama:

- Acmhainní do dhaoine le deacrachtaí foghlama, an disléicse go háirithe, ní hann dóibh nó níl teacht ar acmhainní ar an gcaighdeán céanna atá ar fáil don Bhéarla
- Daoine *ba mhaith leo* an Ghaeilge a fhoghlaim, agus nach bhfuil in ann na hacmhainní céanna a fháil i nGaeilge is atá ar fáil sa Bhéarla nó i dteanga eile a d’fhoghlaim siad cheana; acmhainní iomadúla ar fáil sa Bhéarla le dul i ngleic le teanga agus ortagrafaíocht an Bhéarla. Ba cheart an t-aitheantas céanna a thabhairt do phobal disléicse na Gaeilge agus tacú le daoine agus fonn orthu an Ghaeilge a úsáid.
- **Moltar:** saineolaithe a fhostú a bheadh in ann é a dhéanamh ach foireann a chur le chéile agus maoiniú a chur ar fáil

Bearnaí atá aitheanta againn sa mhargadh:

- Leabhair i seánraí éagsúla - don té ar spéis leo ficsean stairiúil, ficsean eolaíochta, ficsean bog samhraidh, béilríocht, agus eile.
- Leabhair le carachtair LADTA+, is é sin carachtair aeracha, déghnéasacha, tras, aiteacha, idirghnéis agus eile. Leabhair le cineálacha éagsúla teaghlach, daoine faoi mhíchumas; ilchineálacht daoine a léiríonn go soiléir an

éagsúlacht a bhaineann le cainteoirí Gaeilge agus a chuirfeadh fonn ar dhaoine ó chúlraí éagsúla leabhair Ghaeilge a phiocadh suas. Guthanna ó phobail éagsúla le haimsiú, le moladh, agus le forbairt. Leabhair dírithe ar pháistí, gan dabht, ach leabhair do dhaoine fásta freisin ina dtaispeántar éagsúlacht.

- Sraitheanna do dhéagóirí leis an údar céanna agus a leanann na carachtair chéanna. Ba ghá infheistíocht ama agus fíis fhadtéarmach a bheith ann, idir scríbhneoirí, foilsitheoirí, agus maoinitheoirí.
- Acmhainní i dteangacha éagsúla, leabhráin ilteangacha. Armholadh le dul chiug Cló Mhaigh Eo agus Ciara Ní Dhuinn as sraith leabhar le ceithre theanga a fhorbairt, a bhíonn an-úsáideach do theaghlach ilteangacha.
- Leabhair dhátheangacha agus an dá theanga ag breathnú ar a chéile aghaidh ar aghaidh. Níl an nós seo coitianta sa Ghaeilge agus feictear domsa go mbaineann sin le rialacha Scéim na Foilsitheoireachta nach féidir aistriúchán a fhoilsiú ag an am céanna leis an mbunleagan. Tá margadh ann dá leithéid, tá mé cinnte, cé nach creideann daoine mé. Is iad Mentor Books is mó atá i ndiaidh a leithéid sin a chur amach, as a stuaim féin, i gcomhpháirt le Declan Collinge. Tá, faoi láthair, dhá leabhar déag sa tsraith sin. Taitníonn siad go mór le daoine.

Moltar i dtosach báire Sceim na gCoimisiún faoi Chlár na Leabhar Gaeilge a thabhairt ar ais agus a chur ar fáil. **Moltar** ansin brainse bhreise fós de Scéim na gCoimisiún a úsáid le daoine a spreagadh chun tús a chur ag líonadh na mbearnaí seo.

Sa bhreis air sin, **moltar** go leagfar dualgas ar An Gúm saothair a choimisiúnú a léiríonn an ilchineálacht agus an t-idirchultúrachas atá fásaithe agus ag fás sa phobal, idir bhunshaothair Ghaeilge agus aistriúcháin.

Aontaímid leis na scríbhneoirí a tháinig os comhair an Choiste seo ag moladh go dtacófar le scríbhneoirí le scileanna a fhorbairt. Cuirimid leis sin **moladh** go dtacófaí le daoine ó chúlraí éagsúla nach síleann gur scríbhneoirí iad a scéalta a insint, más é sin ag fáil scríbhneoir eile le hoibriú leo nó ag spreagadh daoine le dul i mbun pinn iad féin. Tá saibhreas mór agus fonn scéalaíochta sa tír seo.

Leabharlanna na hÉireann

- **Moltar** go mbeidh go leagfar dualgas ar Leabharlanna Éireann leabhair Ghaeilge a cheannach agus a chur ar taispeánt go soiléir, agus go mbeidh bealach ag na brainsí áitiúla ábhar a fháil ó shiopaí áitiúla.
- **Moltar** go mbeidh seirbhís Ghaeilge ar fáil sna leabharlanna sa Ghaeltacht agus taobh amuigh di, agus go bhfeicfear mar bhuntáiste é má tá Gaeilge ag duine ar an bhfoireann. **Moltar** go spreagfar atmaisféar dearfach maidir le húsáid na Gaeilge atá ag daoine cheana féin.

Ríomhleabhair

- Ní phléann An Siopa Leabhar le ríomhleabhair ná le leabhair dhigiteacha agus ní hin an réimse atá againn, ach táthar ann a chuireann ceist orainn mar gheall ar a leithéid sin agus an-díomá atá orthu nach bhfuil níos mó ar fáil.
- Is ann do ríomhleabhair i nGaeilge agus níl a fhios sin ag daoine. Na ríomhleabhair atá ann, is rídheacair teacht orthu mura bhfuil taithí agat air sin ná mura bhfuil an teideal iomlán cruinn ar eolas agat. Fiú má tá a fios, is deacair fíorleabhair a aimsiú i measc an turscair go léir a chuirtear suas ar leithéidí Amazon. Córas mór idirnáisiúnta Béarla-bhunaithe atá i gceist le margadh na ríomhleabhar agus níl in oiriúint do shaothair Ghaeilge. Caithfear fios a bheith agat conas iad a chuardach, an teideal iomlán a bheith agat roimh ré fiú - rud nach gcuidíonn le haimsiú ‘de thaisme’ mar a thaitníonn le neart léitheoirí. Tá an córas sin briste agus feidhmíonn sé i gcoinne an díoltóra bhig, an díoltóra mhionteanga san áireamh. An t-eolas is déanaí a fuair muidne ó Chumann na nDíoltóirí Leabhar (Ríocht Aontaithe agus Éire) ná go bhfuil díolachán ríomhleabhar anois tite chuig an bpointe is ísle ó bhí 2013 ann. Tá díolachán leabhar fisiciúil trí chéile ag fás le cúpla bliain anuas.
- Tuigim féin na deacrachtaí go léir a bhaineann leis an réimse seo ó bhínn ag plé le ríomhleabhair agus mé ag obair mar Oifigeach Foilsitheoireachta leis an teach foilsitheoireachta Cois Life sular ceapadh mé mar Bhainisteoir An Siopa Leabhar. Tá liosta fada cúiseanna nach mbeifí ag plé le ríomhleabhair.

- Sin ráite, ós rud é go measaimid go bhfuil margadh ann dóibh agus gléas ag gach duine, **moltar** fócasghrúpa a chur le cheile idir na páirtithe leasmhara le córas lárnach tiontaithe agus dáileachán ríomhleabhair Ghaeilge a chur ar bun. Theastódh maoiniú suntasach lanúnach dá leithéid agus ar a laghad duine amháin fostaithe go lánaimseartha ar tuarastal ceart le dul i ngleic leis na dúshlán go léir a bhaineann leis an margadh sin. Is dóigh linne gurb iad Cló Iar-Chonnacht is fearr a thabharfadh faoi sin, ós iadsan is mó a bhfuil ríomhleabhair acu cheana agus caidreamh acu le dáileoírí, ach san am céanna ní moladh bog é sin; tuigim go mbeadh sé iontach deacair agus thuigfinn do dhuine nó do chuideachta nach mbeadh ag iarraidh tabhairt faoi.

Oiliúint agus plean fadtéarmach

- Tá luaite os comhair an Chomhchoiste seo cheana nach féidir le foilsitheoirí leanúint ar aghaidh go deo na ndeor agus nach féidir an cheird a fhoghlaim ar an ollscoil. Aontaímid. Tá saol na leabhar Gaeilge agus an obair a théann isteach ann go mór faoi cheilt. **Moltar** go gcuirfear oiliúint phraiticiúil ar fáil do dhaoine nua le go dtuigfear gnó na foilsitheoireachta. Caithfidh sé sin tarlúint taobh istigh de na comhlachtaí foilsitheoireachta.
 - Rinne mé féin intéirneacht leis an teach foilsitheoireachta Cois Life, faoi stiúr an Dochtúir Chaoilfhionn Nic Pháidín agus an Dochtúir Sheáin Uí Chearnaigh. Ba mhór an oiliúint a fuair mé ann. Ní hamháin mise ach na daoine eile a rinne an intéirneacht chéana, tá formhór againn ag obair i saol na Gaeilge, ag plé le haistriúcháin, leis an eagarthóireacht, le leabhair do pháistí.
 - De réir mar is féidir, cuireann An Siopa Leabhar taithí oibre ar fáil do dhaltáí meánscoile agus do neacha léinn ollscoile.
 - Is deacra anois, gan dabht, teacht foilsitheoireachta a bhunú anois ná mar a bhí riamh. D'éist mé le hagallamh le Mícheál Ó Conghaile, bunaitheoir Chló Iar-Chonnacht, agus dúirt gur thosaigh sé ag foilsiú rudaí agus é ar an ollsoil. Tá sin doshamhalta domsa. Tá oiread

ollmhór infheistíocht le déanamh le tús a chur le togra úrnua foilsitheoireachta. Dar liomsa go dteastaíonn fochuideachtaí nó inphriontaí faoi réir ag daoine traenáilte taobh istigh den chuideachta le guthanna nua a fháil ag foilsíú ábhar agus ag riar cúrsaí foilsitheoireachta.

Moltar i dtosach báire Sceim na gCoimisiún faoi Chlár na Leabhar Gaeilge a thabhairt ar ais agus a chur ar fáil. **Moltar** ansin brainse bhreise fós de Scéim na gCoimisiún a úsáid le daoine a spreagadh chun tús a chur ag líonadh na mbearnaí seo. Theastódh infheistíocht ó COGG mar gheall ar acmhainní do dhaoine le deacrachtaí foghlama.

Thairis sin, **moltar** go leagfar dualgas ar An Gúm saothair a choimisiúnú a léiríonn an ilchineálacht agus an t-idirchultúrachas atá fásaithe agus ag fás sa phobal, idir bhunsaothair Ghaeilge agus aistriúcháin.

Sin mise, mar sin, a chairde uile an Chomhchoiste – Gráinne Ní Mhuilneoir, Bainisteoir An Siopa Leabhar.